2024/1496

28.5.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1496 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Bealtaine 2024

lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES ([1]).

(2) Is cúis mhór imní don Chomhairle fós an staid sa tSiria. Tar éis níos mó ná 13 bliana, is fada ó bheith thart an choinbhleacht sa tSiria agus tá sí fós ina húdar fulaingthe agus éagobhsaíochta. De dheasca chrith talún tragóideach an 6 Feabhra 2023, ghéaraigh ar an bhfíor-dhrochstaid dhaonnúil a bhí sa tír cheana, agus mhéadaigh riachtanais mhuintir na Siria.

(3) Meabhraítear don Chomhairle nach bhfuil sé i gceist le bearta sriantacha an Aontais, lena n-áirítear na bearta sin a glacadh i bhfianaise na staide sa tSiria, go gcuirfí isteach ar sholáthar na cabhrach daonnúla, lena n-áirítear cúnamh leighis, ná bac a chur ar an soláthar sin. Leis na bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise na staide sa tSiria, níl srian ar an trádáil i bhformhór na n-earnálacha idir an tAontas agus an tSiria, lena n-áirítear i mbia agus i gcógas. Thairis sin, a mhéid a bhaineann le bearta aonair, tá eisceachtaí i bhfeidhm lenar féidir cistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine ainmnithe agus d'eintitis ainmnithe, i gcás ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin riachtanach d'aon toisc chun fóirithint dhaonnúil a chur ar fáil sa tSiria nó chun cúnamh a thabhairt don daonra sibhialta sa tSiria agus chun na críche sin amháin. I gcásanna áirithe, is gá réamhúdarú a fháil ón údarás náisiúnta inniúil ábhartha.

(4) Sna conclúidí uaithi an 20 Bealtaine 2021 maidir leis an 'Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i ndáil le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais: dúshláin nua, na prionsabail chéanna', d'athdhearbhaigh an Chomhairle a tiomantas aon tionchair dhiúltacha neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ag bearta sriantacha an Aontais ar ghníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal a sheachaint agus, i gcás nach féidir iad a sheachaint, iad a mhaolú a mhéid is féidir. D'athdhearbhaigh an Chomhairle go gcomhlíonann bearta sriantacha an Aontais na hoibleagáidí uile faoin dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe. Chuir sí i dtreis a thábhachtaí atá sé cloí go hiomlán le prionsabail dhaonnúla agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta i mbeartas smachtbhannaí an Aontais, lena n-áirítear trí eisceachtaí daonnúla a áireamh go comhsheasmhach i gcórais beart sriantach i gcás inarb ábhartha, agus trína áirithiú go mbeidh creat éifeachtach i bhfeidhm le haghaidh na húsáide a bhaineann eagraíochtaí daonnúla as na heisceachtaí sin.

(5) An 9 Nollaig 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, á mheabhrú di na rúin a ghlac sí roimhe seo lena bhforchuirtear bearta smachtbhannaí mar fhreagairt ar bhagairtí ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta, agus á chur i dtábhacht di nach mór do na bearta arna ndéanamh ag Ballstáit na Náisiún Aontaithe chun na smachtbhannaí is gá a chur chun feidhme, oibleagáidí na mBallstát sin faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh nach bhfuil na bearta sin ceaptha iarmhairtí díobhálacha daonnúla a bheith acu do phobail shibhialtacha nó iarmhairtí díobhálacha do ghníomhaíochtaí daonnúla ná dóibh siúd a dhéanann gníomhaíochtaí daonnúla. Chinn CSNA i mír 1 de Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe go gceadaítear cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc nó earraí agus seirbhísí is gá a sholáthar chun seachadadh tráthúil cúnaimh dhaonnúil a áirithiú nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine ag gníomhaithe áirithe agus nach sárú iad ar na reo sócmhainní arna bhforchur ag CSNA nó ag a Choistí Smachtbhannaí.

([1]) Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L 147, 1.6.2013, lch. 14).

(6) An 14 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/338 ([2]) lenar tugadh isteach an díolúine dhaonnúil de bhun Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i gcórais beart sriantach an Aontais lena dtugtar éifeacht do bhearta arna gcinneadh ag CSNA nó ag a Choistí Smachtbhannaí. An 31 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/726 ([3]) lenar tugadh isteach an díolúine dhaonnúil de bhun Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i gcórais beart sriantach an Aontais lena dtugtar éifeacht do na bearta arna gcinneadh ag CSNA nó ag a Choistí Smachtbhannaí agus sna bearta comhlántacha arna gcinneadh ag an gComhairle. An 27 Samhain 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2686 ([4]) lenar tugadh an díolúine dhaonnúil i gcórais áirithe beart sriantach de chuid an Aontais, ar mhaithe leis na gníomhaithe dá dtagraítear i Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar dheonaigh an tAontas an Deimhniú Comhpháirtíochta Daonnúla dóibh, nó atá deimhnithe nó aitheanta ag Ballstát, agus ag sainghníomhaireachtaí na mBallstát.

(7) An 23 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/408 ([5]), lenar tugadh isteach díolúine maidir le sócmhainní daoine nádúrtha nó dlítheanacha agus eintiteas ainmnithe a reo, agus maidir leis na srianta ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil dóibh, ar mhaithe le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus catagóirí sainithe áirithe gníomhaithe a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí daonnúla, ar feadh tréimhse tosaigh 6 mhí, go dtí an 24 Lúnasa 2023. An 14 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh(CBES) 2023/1467 ([6]) a chuir síneadh leis an díolúine go dtí an 24 Feabhra 2024. An 18 Nollaig 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2876 ([7]) lenar cuireadh síneadh breise leis an díolúine go dtí an 1 Meitheamh 2024 d'fhonn seachadadh tapa na cabhrach a éascú agus intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil do na gníomhaithe a bhaineann tairbhe as an díolúine sin.

(8) Chun comhsheasmhacht a mhéadú idir córais beart sriantach an Aontais agus na bearta sriantacha arna nglacadh ag CSNA nó ag a Choistí Smachtbhannaí, agus chun a áirithiú go seachadfar cúnamh daonnúil go leanúnach agus go tráthúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine, measann an Chomhairle gur cheart díolúine a thabhairt isteach ó na bearta reo sócmhainní is infheidhme maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí arna n-ainmniú faoi Chinneadh 2013/255/CBES, agus ó na srianta ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil dóibh, ar mhaithe leis na gníomhaithe dá dtagraítear i Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar dheonaigh an tAontas an Deimhniú Comhpháirtíochta Daonnúla dóibh nó le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí atá deimhnithe nó aitheanta ag Ballstáit, agus ag sainghníomhaireachtaí na mBallstát, agus gur cheart an díolúine sin a chur in ionad na díolúine a tugadh isteach le Cinneadh (CBES) 2023/408. Ba cheart feidhm a bheith ag an díolúine sin go dtí an 1 Meitheamh 2025 i gcomhréir le dáta deiridh chur i bhfeidhm Chinneadh 2013/255/CBES, á chur san áireamh, gan dochar don athbhreithniú ar Chinneadh 2013/255/CBES, go bhfuil sé beartaithe ag an gComhairle síneadh breise a chur leis an díolúine sin tar éis an 1 Meitheamh 2025. Thairis sin, measann an Chomhairle gur cheart an sásra maolúcháin atá ann faoi láthair le haghaidh na n-eagraíochtaí agus na ngníomhaithe sin atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí daonnúla ach nach féidir leo leas a bhaint as an díolúine dhaonnúil sin, a leasú. Ina theannta sin, measann an Chomhairle freisin gur cheart clásal athbhreithniúcháin a bhaineann leis na heisceachtaí sin a thabhairt isteach.

(9) Tá gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun bearta áirithe atá sa Chinneadh seo a chur chun feidhme.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 28a:

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/338 ón gComhairle an 14 Feabhra 2023 lena leasaítear cinntí agus comhsheasaimh áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach (IO L 47, 15.2.2023, lch. 50).

([3]) Cinneadh (CBES) 2023/726 ón gComhairle an 31 Márta 2023 lena leasaítear cinntí áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach (IO L 94, 3.4.2023, lch. 48).

([4]) Cinneadh (CBES) 2023/2686 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 lena leasaítear Cinntí áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le heisceachtaí daonnúla a chur isteach (IO L, 2023/2686, 28.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2686/oj).

([5]) Cinneadh (CBES) 2023/408 ón gComhairle an 23 Feabhra 2023 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L 56 I, 23.2.2023, lch. 4).

([6]) Cinneadh (CBES) 2023/1467 ón gComhairle an 14 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L 180, 17.7.2023, lch. 41).

([7]) Cinneadh (CBES) 2023/2876 ón gComhairle an 18 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L, 2023/2876, 19.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2876/oj).

'Airteagal 28a

1. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 28(1), (2) agus (5) go dtí an 1 Meitheamh 2025 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar cúnamh daonnúil go tráthúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thabharfaidh an cúnamh sin agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

(a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena sainghníomhaireachtaí agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;

(b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;

(d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltaobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;

(e) eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar dheonaigh an tAontas an Deimhniú Comhpháirtíochta Daonnúla dóibh nó atá deimhnithe nó aitheanta ag Ballstát i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta;

(f) sainghníomhaireachtaí na mBallstát; nó

(g) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas dá dtagraítear i bpointí (a) go (f) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid a ghníomhaíonn siad sna cáileanna sin.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 28(5) maidir le cistí ná acmhainní eacnamaíocha arna gcur ar fáil do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha ná do na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II ag comhlachtaí poiblí, ná ag daoine dlítheanacha nó eintitis a fhaigheann cistiú poiblí chun fóirithint dhaonnúil a chur ar fáil sa tSiria ná chun cúnamh a chur ar fáil don phobal sibhialta sa tSiria, i gcás ina soláthraítear na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin chun fóirithint dhaonnúil a chur ar fáil sa tSiria nó chun cúnamh a chur ar fáil don phobal sibhialta sa tSiria, agus chun na gcríoch sin amháin, i gcomhréir le hAirteagal 5(3).

3. Sna cásanna nach gcumhdaítear faoi mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus de mhaolú ar na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 28(1), (2) agus (5), féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin a sholáthar chun a áirithiú go seachadfar cúnamh daonnúil go tráthúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine.

4. Mura ndéanann an t-údarás inniúil cinneadh diúltach, iarraidh ar fhaisnéis nó fógra faoi am breise ón údarás inniúil ábhartha laistigh de 5 lá oibre ón dáta a fhaightear iarraidh ar údarú faoi mhír 2, measfar gur deonaíodh an t-údarú sin.

5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 28(5) maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chuirfidh misin taidhleoireachta nó chonsalacha ar fáil do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó do na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II i gcás ina mbeidh soláthar na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha sin i gcomhréir le hAirteagal 5(4).

6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 3 agus 4 laistigh de 4 seachtaine ó údarú den sórt sin.';

(2) In Airteagal 34, cuirtear an mhír a leanas leis:

'Déanfar na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 28a(1) go (4) a mhéid a bhaineann le hAirteagal 28(1), (2) agus (5) a athbhreithniú go tráthrialta, agus, ar a laghad, gach 12 mhí, nó ar iarraidh phráinneach ó aon Bhallstát, ón Ardionadaí, nó ón gCoimisiún tar éis d'athrú ó bhonn teacht ar na himthosca.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Bealtaine 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES